



STÁTCHABHAIR RÉIGIÚNACH

Is é an cuspóir atá ag Státchabhair réigiúnach ná tacú le forbairt eacnamaíoch agus cruthú post i réigiúin na hEorpa is mó atá faoi mhíbhuntáiste.

AN BUNÚS DLÍ

Airteagal 107 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), go háirithe 107(3)(a) agus (c) de.

Rialachán (CE) Uimh. 994/98 ón gComhairle an 7 Bealtaine 1998 maidir le hAirteagal 92 agus Airteagal 93 (Airteagal 107 agus Airteagal 108 faoi seach anois) den Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Eorpach a chur i bhfeidhm i dtaca le catagóirí áirithe Státchabhrach cothrománaí (an Rialachán Cumasúcháin).

Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2014 ina ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagal 107 agus Airteagal 108 den Chonradh (Rialachán Ginearálta na Blocdhíolúine, GBER). Rinneadh leasú ar GBER le Rialachán (AE) 2017/1084 ón gCoimisiún an 14 Meitheamh 2017 maidir le cabhair do bhonneagar calafoirt agus aerfoirt, tairseacha fógartha i ndáil le cabhair do chaomhnú cultúir agus oidhreacht agus le cabhair do spórt agus do bhonneagair áineasa ilfheidhmeacha, agus scéimeanna um chabhair oibriúcháin réigiúnach do na réigiúin is forimeallaí.

Ghlac an Coimisiún na 'Treoirínte maidir le Státchabhair réigiúnach do thréimhse 2014-2020' (2013/C 209/01), dá ngairtear 'na Treoirínte' anseo feasta, an 19 Meitheamh 2013 agus tháinig siad i bhfeidhm an 1 Iúil 2014.

CÚLRA

I dtéarmaí ginearálta, is éard is brí le Státchabhair ná cabhair ar bith (is cuma a cineál) a thugann údarais phoiblí náisiúnta do ghnóthais áirithe (gníomhaithe i mbun gníomhaíochtaí eacnamaíocha). A mhéid a shaobhann an cineál sin cabhrach iomaíochas agus a dhéanann sé difear do thrádáil, níl sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach, mura bhforáiltear dá mhalairt sna Conarthaí. Is gá rialú a dhéanamh ar scéimeanna cabhrach agus dá bhrí sin, tá oibleagáid ar na Ballstáit, i gcomhréir le hAirteagal 108(3) CFAE, fógra a thabhairt don Choimisiún roimh aon phlean chun cabhair den sórt sin a thabhairt. Tríd an 'Rialachán Cumasúcháin' a ghlacadh, chuir an Chomhairle ar chumas an Choimisiúin díolúintí a shainiú (trí rialacháin bhlocdhíolúine do Státchabhair a ghlacadh), agus dá bhrí sin, catagóirí



Státchabhrach ar leith a fhógairt a bheith comhoiriúnach leis an margadh inmheánach agus díolmhaithe ó réamhfhógairt.

Mar cheann de na díolúintí dá bhforáiltear, is féidir cineálacha áirithe cabhrach a mheas a bheith comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i réigiúin áirithe. Tugtar cabhair réigiúnach ar an gcineál cabhrach sin, a bhfuil sé mar aidhm léi tacú le forbairt eacnamaíoch agus cruthú post.

Le GBER leagtar síos forálacha sonracha lena sainítear na coinníollacha faoina mbíonn scéimeanna um chabhair réigiúnach comhoiriúnach leis an gcómhargadh agus díolmhaithe ó fhógairt. Sa bhreis ar GBER, tugann an Coimisiún treoir maidir le bearta cabhrach nach bhfuil díolmhaithe ó fhógairt, lena n-áirítear treoir maidir le cabhair réigiúnach. Cuirtear na Treoirínte i bhfeidhm maidir le scéimeanna um chabhair réigiúnach dá dtugtar fógra agus cabhair aonair.

CINEÁLACHA CABHRACH AGUS INCHÁILITHEACHT

Is ionann na rialacha a leagtar amach sna Treoirínte agus an bunús do na Ballstáit chun mapaí den chabhair réigiúnach a ullmhú trínar féidir leo na nithe seo a leanas a shainaithint: (1) na limistéir inar féidir le cuideachtaí Státchabhair réigiúnach a fháil; agus (2) neart na cabhrach sin.

A. Raon feidhme

Tá feidhm ag na Treoirínte, i bprionsabal, maidir le hearnálacha uile na gníomhaíochta eacnamaíche. Mar sin féin, tá na gníomhaíochtaí seo a leanas eisiata ó raon feidhme na dTreoirínte:

- Earnálacha nach bhfuil cabhair réigiúnach comhoiriúnach leis an margadh inmheánach iontu: tionscal na cruach agus snáithíní sintéiseacha;
- Earnálacha ina mbíonn cabhair faoi réir ionstraimí dlíthiúla ar leith agus/nó treoirínte eile maidir le Státchabhair: iascach agus dobharshaothrú, talmhaíocht (le heisceachtaí sonracha áirithe), iompar, aerfoirt, fuinneamh;
- Gníomhaíochtaí a mheastar a bheith ar neamhréir leis an margadh inmheánach mura gcomhlíontar coinníollacha ginearálta a leagtar síos sna Treoirínte chomh maith le coinníollacha sonracha breise: líonraí leathanbhanda agus bonneagair thaighde.

Sa bhreis ar an méid thuas, tugtar aird ar leith ar chabhair a thugtar do ghnóthais mhóra agus ar chabhair oibriúcháin:

- Níl cabhair réigiúnach do ghnóthais mhóra comhoiriúnach leis an margadh inmheánach faoi Airteagal 107(3)(c) den Chonradh, mura bhfuil sé ag tacú le hinfheistíochtaí tosaigh a chruthaíonn gníomhaíocht eacnamaíoch nua nó éagsúlú na mbunaíochtaí atá ann cheana i dtreo táirgí nua nó nuálaíochtaí próisis nua;
- Níl cabhair do ghnóthais a bhfuil sé mar aidhm leo speansais a laghdú (cabhair oibriúcháin) comhoiriúnach leis an margadh inmheánach, murab é atá mar aidhm léi dul i ngleic le constaicí sonracha nó buana i réigiúin faoi mhíbhuntáiste (i.e. deacrachtaí a bhíonn roimh FBManna a laghdú, costais bhreise a chúiteamh sna



réigiúin is forimeallaí nó dídhonrú a chosc nó a laghdú i limistéir atá an-tearc i ndaonra).

B. Measúnú ar chomhoiriúnacht cabhrach réigiúnaí

Tá cabhair réigiúnach dá dtugtar fógra faoi réir measúnú ón gCoimisiún, rud a chiallaíonn go ndéantar anailís chun a chinneadh cibé an dtéann tionchar dearfach na cabhrach i dtreo cuspóir leasa chomhchoitinn thar a tionchar diúltach ar thrádáil agus ar iomaíochas nó nach dtéann. Déantar tagairt san anailís do na gnéithe seo a leanas:

- Rannchuidiú le cuspóir dea-shainithe leasa chomhchoitinn i gcomhréir le hAirteagal 107(3) den Chonradh;
- An gá atá le hidirghabháil stáit (i gcásanna nach féidir leis an margadh feabhsuithe ábharacha áirithe a sholáthar);
- A iomchuí is atá an beart cabhrach i dtaca le dul i ngleic le cuspóir an leasa chomhchoitinn;
- Éifeacht dreasachta a bhfuil athrú iompair i measc gnóthas mar thoradh uirthi (i.e. téann gnóthais i mbun gníomhaíochtaí breise);
- Comhréireacht na cabhrach (i.e. tá an chabhair teoranta don íosmhéid chun infheistíocht nó gníomhaíocht bhreise a spreagadh);
- Seachaint éifeachtaí diúltacha míchuí ar iomaíochas agus trádáil;
- Trédhearcacht (rochtain éasca ar fhaisnéis maidir leis an gcabhair arna tabhairt).

Is féidir le scéimeanna cabhrach a d'fhéadfadh an t-iomaíochas a shaobhadh go suntasach a bheith faoi réir measúnuithe *ex post* agus is féidir leis an gCoimisiún fad na scéimeanna sin a theorannú. Ní féidir measúnú *ex post* a chur i bhfeidhm ach amháin i gcás scéimeanna cabhrach le buiséid mhóra, ina bhfuil gnéithe núíosacha nó lena ngabhann athruithe margaidh, teicneolaíochta nó rialála suntasacha.

C. Mapaí den chabhair réigiúnach — incháilitheacht

Limistéir a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach faoi Airteagal 107(3)(a) agus (c) (limistéir 'a' agus 'c' anseo feasta), in éineacht le leibhéal an mhéid uasta cabhrach, ní mór do na Ballstáit iad a shainaithe i mapaí den chabhair réigiúnach. Tugtar fógra don Choimisiún maidir leis na mapaí sin agus déanann sé iad a fhorghabháil chun gur féidir cabhair réigiúnach a thabhairt do ghnóthais atá lonnaithe i limistéir ainmnithe ar na mapaí. Socraítear an uasteorainn do chumhdach foriomlán limistéir 'a' agus 'c' ag 47% de dhaonra AE-28.

1. Limistéir 'a' — Airteagal 107(3)(a) CFAE

Sonraítear sna Treoirínte gur féidir iad seo a leanas a ainmniú mar limistéir 'a'^[1]:

- Réigiúin NUTS 2^[2] le holltáirge intíre (OTI) *per capita* de réir caighdeáin chumhachta ceannaigh (CCC) atá cothrom le nó níos ísle ná 75% de mheán AE-27;

[1] Tá liosta de limistéir 'a' incháilithe, briste síos de réir an Bhallstáit, in Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Treoirínte.

[2] NUTS: Aicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh.



— Na réigiúin is forimeallaí.

Is iad seo a leanas na huasteorainneacha don mhéid uasta cabhrach i limistéir 'a':

- 50% de choibhéis deontais chomhláin (GGE) i réigiúin NUTS 2 le OTI *per capita* níos ísle ná nó cothrom le 45% de mheán AE-27;
- 35% de GGE i réigiúin NUTS 2 le OTI *per capita* idir 45% agus 60% de mheán AE-27;
- 25% de GGE i réigiúin NUTS 2 le OTI *per capita* os cionn 60% de mheán AE-27.

Féadfar méadú uasta de 20% a dhéanamh ar na huasteorainneacha thuas sna réigiúin is forimeallaí bheagfhorbartha agus de 10% sna réigiúin is forimeallaí eile. Féadfar méadú suas le 20 pointe céatadáin a dhéanamh ar an méid uasta cabhrach d'fhiontair bheaga nó méadú suas le 10% d'fhiontair mheánmhéide.

2. Limistéir 'c' — Airteagal 107(3)(c) CFAE

Déantar idirdhealú idir dhá chatagóir de limistéir 'c' sna Treoirlínte:

- Limistéir 'c' réamhshainithe^[3]: limistéir a chomhlíonann coinníollacha réamhbhunaithe ar féidir leis na Ballstáit iad a ainmniú gan aon dlisteanú breise; áirítear sa chatagóir sin réigiúin NUTS 2 a ainmníodh mar limistéir 'a' sa tréimhse 2011-2013 agus réigiúin NUTS 2 agus NUTS 3 atá tearc i ndaonra, mar aon le codanna de réigiúin NUTS 3 nó limistéir in aice leo, faoi choinníollacha áirithe;
- Limistéir 'c' nach bhfuil réamhshainithe^[4]: limistéir ar féidir le Ballstát iad a ainmniú ar an gcoinníoll go gcomhlíonann siad critéir shocheacnamaíocha áirithe.

I bhfianaise thionchar na géarchéime eacnamaíche ar na Ballstáit agus na haidhme leanúnachas a áirithiú sna mapaí den chabhair réigiúnach, déantar foráil sna Treoirlínte maidir le líontán sábhála agus maidir le tairseach íosta do chumhdach daonra^[5]. Sonraítear cúig thacar critéar sna Treoirlínte a théann i ngleic le fadhbanna socheacnamaíocha (OTI *per capita*, dífhostaíocht), geografacha (imeallú) nó struchtúracha (mór-athrú struchtúrach, meath), agus atá le húsáid ag na Ballstáit agus iad ag ainmniú limistéir 'c' nach bhfuil réamhshainithe.

Is iad seo a leanas na huasteorainneacha don mhéid uasta cabhrach i limistéir 'c':

- 15% de GGE i limistéir atá tearc i ndaonra agus i limistéir (réigiúin NUTS 3 nó codanna de réigiúin NUTS 3) a roinneann teorainn talún le tír lasmuigh den Limistéir Eorpach Eacnamaíoch (LEE) nó de Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE);
- 10% de GGE i limistéir 'c' nach bhfuil réamhshainithe.

Féadfar méadú a dhéanamh ar na huasteorainneacha sin in iar-limistéir 'a' (ó 10% go 15% de GGE) agus i limistéir 'c' atá in aice le limistéir 'a'. Féadfar méadú suas le 20

[3]Áirítear in Iarscríbhinn I an leithdháileadh ar leith do chumhdach réamhshainithe 'c', arna bhriseadh síos de réir an Bhallstáit.

[4]Leagtar amach an modh chun cumhdach 'c' nach bhfuil réamhshainiú déanta air a leithdháileadh in Iarscríbhinn II a ghabhann leis na Treoirlínte.

[5]Leagtar amach cumhdach 'c' nach bhfuil réamhshainithe, lena n-áirítear na coigeartuithe thuasluaite, in Iarscríbhinn I.



pointe céatadán a dhéanamh ar an méid uasta cabhrach d'fhiontair bheaga nó méadú suas le 10% d'fhiontair mheánmhéide.

D. Fógairt agus athbhreithniú meántearma

Ar bhonn fhorálacha na dTreoirínte, bhí ar gach Ballstát mapa amháin den chabhair réigiúnach a chur ar fáil don Choimisiún a bheadh bailí ón 1 Iúil 2014 go dtí an 31 Nollaig 2020. Rinne an Coimisiún scrúdú ar na mapaí sin agus ghlac sé iad, agus foilsíodh iad freisin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, agus dá bharr sin is cuid lárnach de na Treoirínte iad.

Rinneadh athbhreithniú ar incháilitheacht na limistéar le haghaidh cabhair réigiúnach (athbhreithniú meántearma ar na mapaí den chabhair réigiúnach) in 2016, agus beidh na mapaí leasaithe den chabhair réigiúnach i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2018 go dtí an 31 Nollaig 2020.

E. Tuairisciú agus faireachán

Ní mór do na Ballstáit taifid mhionsonraithe a choinneáil maidir le gach beart cabhrach ar feadh 10 mbliana ón dáta ar a dtugtar an chabhair agus ní mór dóibh na nithe seo a leanas a thíolacadh don Choimisiún:

- Tuarascálacha bliantúla;
- Faisnéis maidir le gach beart cabhrach aonair a théann thar EUR 3 mhilliún.

STÁTCHABHAIR AGUS AN BEARTAS COMHTHÁTHAITHE

Ní mór do thionscadail a dtacaítear leo tríd an mbeartas comhtháthaithe (faoi Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa) dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta a chomhlíonadh^[6]. Tá an fhreagracht ar na Ballstáit a áirithiú go gcomhlíonann a scéimeanna cabhrach dlíthe maidir le Státchabhair, lena n-áirítear na rialacha maidir le Státchabhair réigiúnach agus, sa chomhthéacs sin, anailís a dhéanamh ar idirghabhálacha a bheartaítear i gcomhthéacs a gclár (oibriúcháin) agus aon oibleagáid maidir le fógairt a chomhlíonadh. Is nithe ar leithligh fós iad an próiseas um chlárú straitéiseach dá bhforáiltear faoin mbeartas comhtháthaithe agus an anailís ar chabhair faoi rialacha na Státchabhrach, ach tá féidearthacht ann, i gcásanna áirithe, go n-úsáidfí an anailís ar a mbunaítear idirghabhálacha i dtaca leis an mbeartas comhtháthaithe chun údar a thabhairt do Státchabhair.

Áirítear sa chreat reachtach^[7] tagairtí sainráite do rialacha na Státchabhrach, go háirithe i gcomhthéacs ionstraimí airgeadais, oibríochtaí a ghineann ioncam, comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí, marthanacht oibríochtaí, etc. Sa bhreis air sin, chun cur i bhfeidhm éifeachtach rialacha na Státchabhrach ag na Ballstáit a éascú, déantar eisíocaíocht na gcistí coinníollach ar chomhlíonadh oibleagáidí (coinníollachtaí *ex ante*)^[8] ina n-áirítear socruithe sna Ballstáit chun oiliúint a chur ar fhoirne agus chun acmhainneacht riaracháin a atreisiú sa réimse sin.

[6] Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 an 17 Nollaig 2013.

[7] Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 an 17 Nollaig 2013.

[8] Cuid II d'Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 an 17 Nollaig 2013.



Is ceann de na réimsí ‘a bhfuil riosca ag baint leo’ i gcur chun feidhme an bheartais chomhtháthaithe é cur i bhfeidhm rialacha na Státchabhrach, agus go minic is é is cúis le hearráidí a bhraitheann iniúchóirí.

I mí na Samhna 2018, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2018/1911 lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1588 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 107 agus Airteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le catagóirí áirithe Státchabhrach cothrománaí. Is é atá mar aidhm leis ná feabhas a chur ar idiroibriú chlár chistiúcháin AE le rialacha na Státchabhrach. Baineann na hathruithe le trí réimse: maoiniú náisiúnta in éineacht le hionstraimí Chiste InvestEU; taighde, forbairt agus nuálaíocht (Fís na hEorpa, lipéad ‘Séala Barr Feabhais’); agus Cabhair don Chomhar Críochach Eorpach.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Tá a himní curtha in iúl roinnt uaireanta ag an bParlaimint maidir le comhsheasmhacht idir comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach ar thaobh amháin, agus rialacha iomaíochais ar an taobh eile.

Le linn an phróisis i dtaca le Nuachóiriú a dhéanamh ar Státchabhair (arna thionscnamh in 2012), inar chuir an Coimisiún a mholtaí i láthair i gcomhréir le hAirteagal 109 CFAE, ní dhearnadh ach comhairliúchán leis an bParlaimint agus ní raibh sí páirteach i nglacadh na dTreoirí. Mar sin féin, ina rún an 12 Meitheamh 2013 maidir le beartas réigiúnach mar chuid de scéimeanna níos leithne Státchúnaimh, thacaigh sí le dréacht-treoirí an Choimisiúin, d’iarr sí go mbeadh comhsheasmhacht mhéadaithe ann le GBER agus treoirí eile, agus chuir sí a himní in iúl maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil rialacha na Státchabhrach comhréireach le cur chun feidhme ionstraimí an bheartais chomhtháthaithe (Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa), go háirithe maidir le cóir chomhionann na réimsí a bhaineann leis an gcatagóir chéanna réigiúin faoi chuimsiú an bheartais chomhtháthaithe. D’iarr an Parlaimint go ndéanfaí cumhdach foriomlán na cabhrach réigiúnaí a choinneáil nó a mhéadú thar an uasteorainn a bhí ann roimhe sin de 45% agus thacaigh sí le cruthú líontán sábhála d’iar-réigiúin ‘a’ agus le forálacha speisialta do réigiúin atá tearc i ndaonra, forimeallach nó oileánach. Cuireadh i dtreis freisin an gá atá le maoluithe ar leith, go háirithe i limistéir arna mbualadh go trom ag an ngéarchéim eacnamaíoch.

Tá an Parlaimint den tuairim gur cheart Státchabhair a thabhairt do FBManna ar an gcéad dul síos, ach go bhféadfadh cailliúint post teacht as fiontair mhóra a eisiáimh, agus dá bhrí sin, gur cheart go mbeadh gnóthais den chineál sin fós incháilithe i limistéir ‘c’, ach iad a bheith faoi réir grinnschrúdú ar leith, áfach.

Ina rún an 13 Meán Fómhair 2016 maidir leis an gcuspóir téamach ‘iomaíochas FBManna a atreisiú’ a chur chun feidhme, d’iarr an Parlaimint ar an gCoimisiún coinníollacha a chur ar bun do Státchabhair nach ndéanfaidh idirdhealú i gcoinne FBManna agus ar ceart dóibh a bheith i gcomhréir le tacaíocht d’fhiontair faoin mbeartas comhtháthaithe, agus d’iarr sí air lánúsáid a bhaint as scéimeanna cabhrach atá bunaithe ar GBER, agus an nasc idir na rialacha maidir le Cistí SIE do FBManna agus na rialacha maidir le Státchabhair á shoiléiriú.



Ina rún an 17 Aibreán 2018 maidir le neart a chur le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach san Aontas Eorpach: an 7ú tuarascáil ón gCoimisiún Eorpach, mheas an Pharlaimint go raibh sé riachtanach dlús a chur le nósanna imeachta um Státchabhair i gcásanna ina bhfuil gá le comhlíonadh. Chuir an Pharlaimint a tacaíocht in iúl freisin do láimhseáil níos comhsheasmhaí agus níos comhleanúnaí de chistí atá faoi bhainistiú díreach agus cistí comhtháthaithe, a mhéid a bhaineann le Státchabhair.

Ina rún an 6 Iúil 2017 maidir le comhtháthú agus forbairt a chur chun cinn i réigiúin is forimeallaí AE: Airteagal 349 CFAE a chur chun feidhme, iarrann an Pharlaimint ar an gCoimisiún gníomhú níos mó de bhun Airteagal 107(3)(a) agus Airteagal 349 CFAE sna Treoirínte maidir le Státchabhair Réigiúnach agus GBER chun rannchuidiú le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta na réigiún is forimeallaí agus chun aird níos mó a thabhairt orthu.

Diána Haase / Marek Kołodziejski
04/2019

